# An Timpeallacht Gheilleagrach

Le scála na n-athbhreithnithe ar na sonraí Cuntas Náisiúnta agus le toradh an reifrinn sa RA maidir le ballraíocht na RA san Aontas Eorpach, cruthaítear fadhbanna ó thaobh measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht gheilleagar na hÉireann agus ar na hionchais do gheilleagar na hÉireann. I dtéarmaí na feidhmíochta eacnamaíche, cé gur tiomsaíodh na cuntais Náisiúnta Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn caighdeán idirnáisiúnta, ní léiríonn siad an ghníomhaíocht eacnamaíoch iarbhír in Éirinn. Ina ionad sin, freagraíonn na forbairtí sin d'athlonnú staitistiúil na gníomhaíochta eacnamaíche a bhaineann le haistriú leibhéil ar mhéid stoc caipitiúil na hÉireann, rud a eascraíonn as athstruchtúrú corparáideach agus athaicmiú cláir chomhardaithe san earnáil ilnáisiúnta agus as fás ar ghníomhaíocht léasaithe aerárthaí (féach Bosca A, leathanach 11). Dá bhrí sin, cuimsítear sna sonraí Cuntas Náisiúnta méid an-suntasach gníomhaíochta a rinneadh in áit eile ach a taifeadadh go foirmiúil mar chuid d'OTI agus d'OTN na hÉireann.

Ní hamháin go ndéantar staid iarbhír an gheilleagair a shaobhadh leis seo, ach ina theannta sin, laghdaítear go mór an suntas a bhaineann leis na méadrachtaí a dhíorthaítear ó na tomhais sin, amhail na cóimheasa fioscacha éagsúla le OTI, tomhais an aschuir ionchasaigh, an bhearna aschuir, an t-easnamh struchtúrach agus an tagarmharc caiteachais. I gcás ceann de na tomhais is minice a úsáidtear i ndáil leis an seasamh fioscach, cóibheas easnamh an rialtais ghinearálta le OTI, áitítear anois, de thoradh luaineacht OTI, go ndíreofar sa ghearrthéarma ar an easnamh iarbhír i dtéarmaí ainmniúla, seachas a bheith ag brath go hiomlán ar an gcóibheas é féin nó ar sprioc maidir le heasnamh struchtúrach, agus ag an am céanna, go bhforbrófar tomhas suntasach arna choigeartú go timthriallach agus a bheidh iomchuí d'imthosca na hÉireann chun inmharthanacht fhioscach a thomhas. D'uireasa tomhais den sórt sin, ba cheart go ndéanfaí sprioc an rialtais chun comhardú struchtúrach a bhaint amach faoi 2018 a léirmhíniú mar sprioc chun comhardú an bhuiséid iarbhír a bhaint amach faoi 2018.

Ina theannta sin, leagann forbairtí Cuntas Náisiúnta béim ar leochaileacht ionchasach foinsí áirithe ioncaim de chuid an Státchiste, ar foinsí iad a bhfuil méadú tapa ag teacht orthu le déanaí, amhail fáltais ó cháin chorparáide ar tháinig méadú 50 faoin gcéad nach mór orthu i dtéarmaí bliain-ar-bhliain in 2015. Is léir ó sheantaithí an baol a bhaineann le spleáchas ar fhoinsí luaineacha, neamhbhuana ioncaim a d'fhéadfadh imeacht ar neamhní go tapa, chun leibhéil ardaithe caiteachais phoiblí nó laghduithe ar rátaí cánach a mhaoiniú, rud is doiligh a fhreaschur.

Cé go dtugann na sonraí Cuntas Náisiúnta le déanaí bréagléiriú ar fhás foriomlán na gníomhaíochta eacnamaíche intíre in Éirinn in 2015, tugtar le fios ó raon leathan táscairí caiteachais agus gníomhaíochta, ar táscairí iad atá níos iontaofa, go leanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch de bheith ag leathnú ar luas measartha sláintiúil. Leanann caiteachas tomhaltóirí de bheith ag fás ar luas measartha láidir, agus tá dlúthghnóthachain fostaíochta agus tuilleamh méadaitheach mar thaca leis an bhfás sin. Tháinig méadú 5 faoin gcéad nach mór ar an mbunéileamh intíre in 2015, ina gcuimsítear suim an chaiteachais phearsanta ar earraí agus ar sheirbhísí, an ghlanchaiteachais rialtais ar earraí agus ar sheirbhísí agus ar infheistíocht, lena n-eisiatar infheistíocht in aerárthaí agus i sócmhainní doláimhsithe. I dteannta le fás 2.5 faoin gcéad ar fhostaíocht agus le fás 2.7 faoin gcéad ar chúiteamh in aghaidh an fhostaí, tugann sé seo le fios go raibh méadú 5 faoin gcéad, a bheag nó a mhór, ar ghníomhaíocht intíre.

Ar a shon sin, is neastacháin gharbha iad meastacháin den sórt sin agus, i bhfianaise an tsaofa a bhaineann anois le comhiomláin thraidisiúnta OTI agus OTN, is gá tomhas níos suntasaí a fhorbairt ar leibhéal iarbhír na gníomhaíochta eacnamaíche in Éirinn, ar tomhas é a bheidh comhaontaithe agus a fhreagróidh ar bhealach níos beaichte

d’fhorbairtí sa gheilleagar. Tá sé níos tábhachtaí fós go bhforbrófar tomhas den sórt sin i bhfianaise an ionchais a bhaineann le tuilleadh luaineachta i dtomhas traidisiúnta OTI, ag féachaint do thionchar méadaitheach an athstruchtúraithe chorparáidigh agus athaicmiú clár comhardaithe ar an gcomhiomlán seo.

Ag féachaint romhainn, beidh sé níos casta fós an t-ionchas don gheilleagar a mheasúnú de thoradh reifreann Brexit sa RA. Mar gheall ar an dlúthchaidreamh idir geilleagar na hÉireann agus na RA, tá neamhchosaint ar leith i gceist do gheilleagar na hÉireann ó Brexit. Sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, is cosúil go mbeidh iarmhairt eacnamaíoch dhiúltach ábhartha ag Brexit ar Éirinn. Tá sé deacair, áfach, an iarmhairt sin a chainníochtú go beacht. San idirthréimhse sula ndéanfar socruithe nua a bhunú idir an RA agus an AE, tá an fhéidearthacht ann go mbeidh tréimhse fhada éiginnteachta agus drogaill roimh rioscaí i gceist. Thairis sin, cuimsítear raon leathan torthaí féideartha sna socruithe fadtréimhseacha ionchasacha, sa chaoi gur doiligh an iarmhairt a chainníochtú. Ar a shon sin, is dócha go ndéanfaidh Brexit dochar do gheilleagar na hÉireann go cáilíochtúil, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.

Beidh iarmhairt fhadtréimhseach Brexit ar Éirinn faoi thionchar chineál an chomhaontaithe imeachta idir an AE agus an RA agus fhorbairt an dá gheilleagar ina dhiaidh sin. Le cineál agus scála na hiarmharta maicreacnamaíche a bheidh faoi dheoidh ag Brexit ar gheilleagar na hÉireann, léireofar a mhéid a dhéanfaidh na socruithe imeachta difear do shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus saothair, arna héascú faoi láthair trí fheidhmiú Mhargadh Aonair an AE. Is iad trádáil, infheistíocht dhíreach choigríche agus margadh an tsaothair príomhchainéil éifeachtaí maicreacnamaíocha Brexit.

Sa ghearrthéarma, eascraíonn na rioscaí ar an taobh thíos do gheilleagar na hÉireann go príomha as éifeachtaí ionchasacha maicreacnamaíocha, airgeadais agus mhargadh na n-airgeadraí a bhaineann leis an éiginnteacht bhreise i ndáil le Brexit a chur i bhfeidhm, rud atá fíor i gcás gheilleagar na RA agus gheilleagair eile na hEorpa freisin. Baineann gné thábhachtach den éiginnteacht sin le téarmaí an chaidrimh idir an RA agus an AE amach anseo, rud a bhaineann, i bpáirt, le ceisteanna i dtaobh cé chomh fada a thógfaidh sé na téarmaí sin a chinneadh agus le hiarmhairt an chaidrimh nua.

In anailís a rinne an Banc Ceannais, tugadh le fios go mbeadh iarmhairt dhiúltach ag Brexit ar gheilleagar na hÉireann trí raon cainéal éagsúil (féach Bosca B, leathanach 13). Beidh scála na hiarmharta diúltaí seo ag brath ar a mhéid a theorannófar trádáil, soghluaiseacht saothair agus idirghníomhaíochtaí airgeadais i ndiaidh Brexit. Cé gur lú spleáchas na hÉireann ar an RA i dtéarmaí na trádála le scór éigin bliain anuas, is margadh fíorthábhachtach i gcónaí é an RA do ghnólachtaí dúchasacha. Leanann earnálacha áirithe, lena n-áirítear agraibhia, éadach agus coisbheart agus turasóireacht de bheith measartha spleách ar onnmhairí chuig an RA agus, dá bhrí sin, d’fhéadfaí go ndéanfar difear díréireach dóibh.

Agus na cúrsaí sin á gcur san áireamh, tá athbhreithniú 0.2 agus 0.6 faoin gcéad anuas déanta ar fhás réamh-mheasta ar OTI na hÉireann do 2016 agus 2017 faoi seach i gcomparáid le bonnlíne neamh-Brexit. Ar an mbonn sin, agus faoi réir aon caveat thuasluaite maidir le tomhais thraidisiúnta Cuntas Náisiúnta, meastar go dtiocfaidh méadú 4.9 faoin gcéad i mbliana agus méadú 3.6 faoin gcéad in 2017 ar OTI. Meastar go dtiocfaidh méadú 4 faoin gcéad nach mór ar an mbunéileamh intíre agus dlúthghnóthachain fostaíochta mar thaca leis. Meastar go moilleoidh an méadú sin go dtí 3 faoin gcéad in 2017. Freagraíonn an moilliú sin d’iarmhairt réamh-mheasta tosca a bhaineann le Brexit.

D’ainneoin na n-athbhreithnithe anuas, tá an t-ionchas do gheilleagar na hÉireann fabhrach a bheag nó a mhór, agus meastar go dtiocfaidh laghdú breise ar dhífhosatíocht. Ar a shon sin, is léir gur rioscaí ar an taobh thíos iad na rioscaí do na réamh-mheastacháin, rud a léiríonn an fhéidearthacht go mbeidh iarmhairt níos contrártha ar gheilleagar na RA, go mbeidh iarmhairt níos mó ar an ngeilleagar idirnáisiúnta nó go mbeidh an mhuinín intíre níos diúltaí agus éifeachtaí níos diúltaí ar mhargadh an tsaothair ná mar a cuimsíodh sna réamhaisnéisí. Ag féachaint do na rioscaí sin agus i bhfianaise an ionchais go mbeidh iarmhairt dhiúltach, ábhartha ag Brexit, ba cheart go ndíreofaí le beartais ar bhonn taca a chur faoin gcobhsaíocht agus ar éiginnteacht a laghdú.